

# Scoileanna Ildánacha 2021

Treoirínte d'Iarratasóirí

**Spríodhata: 5.30pm, Déardaoin, an 10 Meitheamh 2021**

## CLÁR

<b>Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu</b>	<b>2</b>
<b>Cabhair a fháil maidir le d'iarratas</b>	<b>3</b>
<b>1. Maidir le Scoileanna Ildánacha</b>	<b>4</b>
1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí Scoileanna Ildánacha	4
1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	4
1.3 Cé hé an t-iarratasóir?	5
1.4 Cé nach bhfuil incháilithe chun iarratas a dhéanamh?	5
1.5 Cad is féidir leat iarratas a dhéanamh lena aghaidh?	5
1.6 Cén sórt tiomantais a bhíonn ag teastáil ó scoileanna/ionaid rannpháirteacha?	7
<b>2. D'iarratas a dhéanamh</b>	<b>8</b>
2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon	8
2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais	9
2.3 D'iarratas a dhéanamh ar líne	10
<b>3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas</b>	<b>12</b>
3.1 Forbhreathnú	12
3.2 An próiseas measúnaithe	12
3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú	12
3.4 Próiseas scórála	13
3.5 An cruinniú cinnteoireachta	14
3.6 Toradh na n-iarratas	15

## Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu

---

- Tá faisnéis thábhachtach sa cháipéis seo faoi thionscnamh na Scoileanna Ildánacha agus faoin tslí le hiarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit freisin tosú ar an bpróiseas go luath agus **neart ama** a fhágáil chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go mbeadh sé mar aidhm agat d'iarratas a uaslódáil **48 uair an chloig ar a laghad** roimh an spriocdháta fógartha. Ar an gcaoi sin, bheadh am agat dul i dteagmháil linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus bheimis in ann cuidiú leat.
- Tabhair faoi deara, de bharr an líon mór iarrthóirí a úsáideann an córas ar líne lá an spriocdháta, nach féidir linn a dheimhniú go mbeimid in ann aon fhadhbanna teicniúla a bheadh agat a réiteach, sa chás go dtéann tú i dteagmháil linn **lá an spriocdháta**.
- Tabhair faoi deara, le do thoil, **nach bhfuil aon ábhar tacaíochta ag teastáil**.

### Léigh agus comhlánaigh an seicliosta seo a leanas go cúramach:

- 
- Tá na treoirlíne seo léite agam agus tuigim iad.
  - Sa chás go raibh fadhb agam, chuaigh mé i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cúnamh a fháil.
  - Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le m'iarratas comhlánaithe agam.
  - D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.
-

## Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

---

- Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine atá faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas agat sa réimse sin, téigh i dteagmháil le hOifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, Adrienne Martin, ar an nguthán (01 6180219) nó ar ríomhphost ([adrienne.martin@artscouncil.ie](mailto:adrienne.martin@artscouncil.ie)) **trí seachtaine ar a laghad roimh** an spriocdháta.
- Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh gréasáin na seirbhísí ar líne a úsáid, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig [onlineservices@artscouncil.ie](mailto:onlineservices@artscouncil.ie)
- Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid ar fáil i rannán na gCeisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon ag: <http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/>
- Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: <http://www.youtube.com/artscouncildemos>
- Má bhíonn cabhair uait maidir leis an méid atá i d'iarratais, glaoigh ar an gComhairle Ealaíon ag 01 6180200 nó seol ríomhphost chuig [creativeschools@artscouncil.ie](mailto:creativeschools@artscouncil.ie)
- Tá freagraí ar cheisteanna coitianta faoi thionscnamh na Scoileanna Ildánacha ar fáil anseo <http://www.artscouncil.ie/creative-schools/schools-opportunities/>

## 1. Maidir le Scoileanna Ildánacha

---

### 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí Scoileanna Ildánacha

Tionscnamh suaitheanta is ea Scoileanna Ildánacha den chlár Éire Ildánach chun cumas na cruthaitheachta i ngach leanbh a chumasú. Tá Scoileanna Ildánacha faoi threoir na Comhairle Ealaíon i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Fuair an tionscnamh treoir freisin ó straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* an bonn eolais faoi na dámhachtainí uile (féach anseo: <http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/>).

Tacaíonn tionscnamh na Scoileanna Ildánacha le scoileanna/hionaid leis na healaíona agus an chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol na leanaí agus na ndaoine óga. Faoi tionscnamh seo, cuirtear deiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga cur lena gcuid scoileanna ealaíne agus cruthaitheacha; chun cumarsáid a dhéanamh, chun comhoibriú le chéile, chun a samhlaíocht a mhúscailt, chun a gcumas nuálaíoch a chothú, agus chun leas a bhaint as a gcuid fiosrachta. Cuirfidh sé ar chumas leanaí agus daoine óga na healaíona agus gníomhaíocht chruthaitheach a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a mheas ar fud a scoileanna/ionad agus spreagfar bealaí oibre nua lena neartófar tionchar na cruthaitheachta ar chumas foghlama, ar fhorbairt agus ar fholláine leanaí agus daoine óga.

Meaitseálfar gach scoil/ionad le Comhlach Cruthaitheach a oibreoidh leo chun anailís a dhéanamh ar a rannpháirtíocht reatha leis na healaíona agus leis an gcruthaitheacht. Agus é seo á úsáid, cruthóidh siad Plean Scoileanna Ildánacha inbhuanaithe a tharraingeoidh ar raon deiseanna sa scoil/ionad agus sa phobal níos leithne.

Freagróidh na Comhlaigh Chruthaitheacha ar thosaíochtaí agus ar riachtanais forbartha na scoile/an ionaid d'fhonn cabhrú leo le deiseanna ealaíon agus cruthaitheacha a dhaingniú do leanaí agus do dhaoine óga. Tarraingeoidh siad as a dtaithe phraiticiúil féin d'fhonn comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus d'fhonn modhanna a bhunú trína mbeidh scoileanna/ionaid, earnáil na n-ealaíon agus an earnáil chultúrtha in ann caidrimh inbhuanaithe a chothú.

Tacófar le scoileanna/ionaid rannphárteacha gnéithe dá bPlean Scoileanna Ildánacha a cheapadh, a thabhairt chun críche agus a thuairisciú le linn a rannpháirtíochta. Iarrfar orthu chomh maith comhoibriú le meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar an tionscnamh.

### 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá gach bunscoil agus iar-bhunscoil atá aitheanta ag an Roinn Oideachais mar aon le hionaid Ógtheagmhála nach raibh páirteach i mbabhta de Scoileanna Ildánacha roimhe seo incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

Féadfaidh scoileanna/ionaid incháilithe iarratas a dhéanamh ar thionscnamh Scoileanna Ildánacha agus Cnuasaigh Ildánacha don scoilbhliain 2021–22. Ach, má éiríonn le do scoil/ionad leis an dá iarratas, beidh ort cinneadh a dhéanamh cé acu a roghnóidh tú le dul ag obair air toisc nach féidir le scoileanna a bheith rannphárteach sa dá thionscnamh ag an am céanna. Tá scoileanna/ionaid atá ag treorú nó ag glacadh páirte i gCnuasaigh Ildánacha a thosaigh i scoilbhliain 2019–20 incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar Scoileanna Ildánacha 2021. Is tionscnamh é Cnuasaigh Ildánacha de chuid na Roinne Oideachais, faoi cheannas agus

i gcomhpháirtíocht le 21 Ionad Oideachais do Mhúinteoirí lánaimseartha (Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann). Tá na Cnuasaigh Ildánacha á maoiniú trí Chiste Sármhaitheasa Scoileanna.

De réir Dhualgas na hEanála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chinntiú go dtugtar faoi bhearta beartais dhearfaigh chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn in Éirinn, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó duine den Lucht Taistil. Ina theannta sin, tarraingíonn an Chomhairle Ealaíon aird ar an gcúlra socheacnamaíoch mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannais deiseanna a chinntiú.

Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear na tréithe thuasluaite, ach níl siad teoranta dóibh sin.

### 1.3 Cé hé an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an scoil/ionad a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais sin. **Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm na scoile/an ionaid.**

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm na scoile/an ionaid – e.g. **má dhéantar iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua, ní mór go mbeadh an t-ainm sin ar na cáipéisí ar fad, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach. Ní ghlacfar le leaganacha malartacha amhail Bunscoil an Bhaile Nua.**

#### **Grúpa nó eagraíocht a chlárú**

Ní mór do scoileanna/ionaid clárú leis an gComhairle Ealaíon mar ghrúpa nó mar eagraíocht (seachas mar dhuine aonair) sula ndéanfaidh siad an t-iarratas (féach ar chuid **2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon**). Níl ort clárú arís má tá do scoil/ionad cláraithe le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon cheana féin, agus ba cheart duit do ARN a úsáid chun iarratas a dhéanamh. **Má tá tú ag clárú den chéad uair, déan cinnte go bhfuil ainm do scoile/ionaid mar an gcéanna leis an ainm a úsáidtear ar do chuntas bainc.**

Toisc go mbaineann d'iarratas le leaná agus le daoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois, beidh ort, mar choinníoll maoinithe (má éiríonn le d'iarratas) a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leaná i bhfeidhm agat. Tá tuilleadh eolais ar [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie).

**Tabhair faoi deara:** ní féidir le gach scoil/ionad ach iarratas amháin a dhéanamh in 2021.

### 1.4 Cé nach bhfuil incháilithe chun iarratas a dhéanamh?

Níl scoileanna/ionaid nach bhfaigheann deontais chaipitíochta ón Roinn Oideachais/Boird Oideachais agus Oiliúna agus nach bhfuil páirteach sa scéim saoroideachais incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

Níl scoileanna/ionaid a ghlac páirt i mbabhta de Scoileanna Ildánacha roimhe seo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ach an oiread.

Níl scoileanna/ionaid atá ag treorú nó ag glacadh páirte i gCnuasaigh Ildánacha a thosaigh i scoilbhliain 2020/2021 incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

### 1.5 Cad is féidir leat iarratas a dhéanamh lena aghaidh?

Is clár dhá bhliain é Scoileanna Ildánacha.

Cuirfear réimse tacaíochtaí ar fáil do scoileanna/ionaid rannpháirteacha lena dtabharfar deis dóibh oibriú le Comhlach Cruthaitheach, dul faoi oiliúint agus aithne a chur ar dhaoine chun tacú leo lena bPlean Scoileanna Ildánacha a chur le chéile, mar aon le síolmhaoiniú le go mbeidh siad in ann an Plean a chur chun feidhme.

### **Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?**

Dámhfar deontas aon uaire do scoileanna/ionaid dar luach €4,000 (**san iomlán**) chun a gcuid pleananna a chur chun feidhme thar an dá scoilbhliain 2021–22 agus 2022–23.

### **Chomh maith le maoiniú, cad iad na tacaíochtaí a sholáthraíonn Scoileanna Ildánacha 2021?**

- Tabharfar Comhlach Cruthaitheach do na scoileanna/ionaid a chuirfidh tacaíocht ar fáil dóibh oiread agus naoi lá ar a mhéad le linn na scoilbhliana.
- Freastalóidh comhordaitheoirí scoile ar oiliúint, a thabharfaidh an deis dóibh bualadh le scoileanna/ionaid rannpháirteacha eile agus le foireann Scoileanna Ildánacha. Ba cheart go mbeadh comhordaitheoirí scoile ar fáil chun freastal ar an oiliúint sin, agus íocfar ionadaíocht chun a bhfreastal a éascú.
- D'fhéadfadh go mbeadh deiseanna oiliúna agus líonraithe eile, lena n-áirítear tuairim na leanaí i gcinnteoireacht ag baint úsáide as Samhail Lundy, ar fáil do scoileanna/ionaid.
- Tabharfar cuireadh do scoileanna/ionaid páirt a ghlacadh i Seachtain na Scoileanna Ildánacha, ceiliúradh náisiúnta ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht.

**Tabhair faoi deara:** socrófar an modh seachadta le haghaidh oiliúna, líonraithe agus imeachtaí eile in am trátha de réir threoirínte sláinte an rialtais.

### **Cén ghníomhaíocht ar féidir leat an maoiniú a úsáid ina leith?**

I gcomhar leis an gComhlach Cruthaitheach, cinnfidh an scoil conas is mian léi an maoiniú a úsáid. Ní mór an maoiniú a úsáid chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Scoileanna Ildánacha agus na smaointe a ghinfeadh ó phlé leis an bhfoireann, leanaí agus daoine óga, teaghlach agus an pobal i gcoitinne a bhaint amach. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Modhanna cruthaitheacha chun beartais agus pleananna ealaíon agus cruthaitheachta a fhorbairt
- Oibriú le healaíontóirí agus/nó le cleachtóirí cruthaitheacha
- Bealaí cruthaitheacha a fhiosrú chun teagasc agus chun foghlaim
- Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht
- Plé le heagraíochtaí ealaíon agus cruthaitheacha áitiúla
- Deiseanna ceardlainne, taispeántais nó taibhithe a sholáthar do leanaí/daoine óga
- Cuairteanna ar dhánlanna, amharclanna, iarsmalanna, leabharlanna agus ar an ionad ealaíon áitiúil.

### **Nóta maidir le pá agus coinníollacha d'ealaíontóirí:**

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. Sa chomhthéacs seo, tá beartas foilsithe ag an gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. **Is féidir an beartas ina iomláine a léamh anseo:** [Luach Saothair don Ealaíontóir](#)

## **Cén uair ar féidir leat tosú ag caitheamh an mhaoinithe?**

Ba chóir do scoileanna fanacht go dtí go mbeidh deis ag a gComhlach Cruthaitheach oibriú le pobal na scoile sula dtosaíonn siad ag caitheamh a gcuid maoinithe. Cumasaíonn an próiseas comhairliúcháin leis an gComhlach Cruthaitheach, i seachtainí tosaigh na rannpháirtíochta, raon leathan tuairimí a áireamh, agus tacaíonn sé le pobal na scoile smaointe agus deiseanna cruthaitheacha nua a ghiniúint. Bíonn tionchar ag an bpróiseas seo ar an gcaoi a n-úsáideann scoileanna/ionaid a gcuid maoinithe.

### **1.6 Cén sórt tiomantais a bhíonn ag teastáil ó scoileanna/ionaid rannpháirteacha?**

Mar chuid dá rannpháirtíocht, ceanglófar ar scoileanna/ionaid a roghnaítear:

- Comhordaitheoir Scoile a ainmniú le bheith rannpháirtíocht sa tionscnamh. Ní mór go mbeadh an príomhoide nó múinteoir sin fostaithe sa scoil faoi láthair.
- Tiomantas a thabhairt go bhfreastalóidh Comhordaitheoir Scoile ar na cúrsaí oiliúna riachtanacha go léir agus go bhfreastalóidh sé/sí ar chúrsaí neamhriachtanacha, nuair is féidir.
- A chinntiú go mbeidh am suntasach ag an gComhordaitheoir Scoile chun oibriú leis an gComhlach Cruthaitheach i rith thréimhse an tionscnaimh. Níl íocaíocht ionadaíochta ar fáil do na gníomhaíochtaí leanúnacha seo.
- Pobal na scoile/an ionaid a shlógadh le páirt a ghlacadh i dtionscnamh na Scoileanna Ildánacha.
- A bheith tiomanta am agus acmhainní suntasacha a leithdháileadh chun an Plean Scoileanna Ildánacha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas. Áireofar leis seo leas a bhaint as am na foirne, na leanaí agus na ndaoine óga, na dteaghlach, agus an Bhoird Bainistíochta.
- A bheith tiomanta chun a chinntiú go mbeidh tuairim na leanaí agus na ndaoine óga ina gné lárnach de rannpháirtíocht na scoile/an ionaid agus don Plean Scoileanna Ildánacha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas.
- Eispéireas na scoile sa tionscnamh a mheasúnú agus a thuairisciú chun foghlaim a chomhroinnt, agus chun pleanáil agus forbairt beartais bhreise sa réimse seo a threorú.
- Comhoibriú leis an bhfoireann a dhéanann meastóireacht neamhspleách ar an tionscnamh.

## 2. D'iarratas a dhéanamh

### 2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).

Ní mór go mbeadh cuntas Seirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh. Má tá cuntas ag do scoil/ionad cheana féin, ba cheart duit an cuntas sin a úsáid.

Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: <https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge>.

Laistigh de **chúig lá oibre** seolfar ARN (Uimhir Thagartha Ealaíon) uathúil agus pasfhocal chugat (i ríomhphost) ar féidir leat iad a úsáid chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

#### Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

<b>Ríomhaire</b>	Windows 7 nó níos déanaí le Internet Explorer 8.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 33 nó níos déanaí
<b>Mac</b>	Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí le Safari 3.1 nó Safari 10 NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 32 nó níos déanaí <b>Tabhair faoi deara:</b> Má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, úsáid Firefox nó Chrome

**Tabhair faoi deara:** Ní mór go mbeadh Microsoft Word nó OpenOffice Writer ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú. Bogearraí saor in aisce é OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil ó <http://openoffice.org>.

#### Má tá OpenOffice á úsáid agat, ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos túisce a úsáid.

Nuair a úsáideadh leaganacha níos déanaí de OpenOffice Writer ná 4.0.1 bhí fadhbanna leis an gcuma a bhí ar na foirmeacha iarratais nuair a cuireadh isteach trí na Seirbhísí ar Líne iad.

Féach ar fhíseán na Comhairle Ealaíon *Using OpenOffice to Download, Complete and Upload the Application Form* ag <https://www.youtube.com/user/ArtsCouncilDemos>.

Ba cheart d'úsáideoirí Apple Mac aird a thabhairt ar an gcuid a phléann leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar Apple Mac a bhfuil na leaganacha is déanaí de Mac OS suiteáilte orthu.

**Tabhair faoi deara:** Teastaíonn OpenOffice 4.1.7 nó leagan níos déanaí ó macOSX 10.15 Catalina agus ó leaganacha níos déanaí.



**Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spríodhata. Fág do dhóthain ama agat féin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú**

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spríodhata agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spríodhata. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spríodhata.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

### **Tacaíocht theicniúil**

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig [onlineservices@artscouncil.ie](mailto:onlineservices@artscouncil.ie) nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spríodhata. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileáilimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túsce.

Cuimhnigh go ndéantar a lán glaonna ag druidim leis an spríodhata agus go mb'fhéidir nach réiteofaí glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar **ar an spríodhata**.

## **2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais**

Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais le haghaidh Scoileanna Ildánacha. Is cáipéis atá comhoiriúnach le Microsoft Word/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

### **Do chás a chur i láthair**

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir leis na cúiseanna ar cheart an scoil a roghnú chun páirt a ghlacadh i Scoileanna Ildánacha, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar an méid a chuirfear sna codanna seo a leanas den fhoirm iarratais:

Ní mór go sásódh an t-iarratas gach ceann de na critéir mheasúnaithe – féach ar chuid **3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú**

D'fhéadfadh láidreachtaí reatha do scoile/ionaid a bheith san áireamh i ngach cuid, mar aon le réimsí le haghaidh forbairt ionchasach.

---

#### **2.1 Réasúnaíocht don iarratas**

Déan achoimre ar na cúiseanna ar mhaith leat páirt a ghlacadh sa tionscnamh Scoileanna Ildánacha (trí phointe ghairide ar a mhéad). **Tabhair faoi deara: níl an cheist seo á scóráil.**

**Má éiríonn leis an iarratas, d'fhéadfadh sé go bhfoilseofar an achoimre seo ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon nó ar shuíomhanna gréasáin a gcomhpháirtithe nó in ábhar eile a foilseofar i dtaca leis an tionscnamh seo. Ar an gcúis sin, ba cheart duit a mheabhú go bhféadfadh níos mó daoine ná na measúnóirí an méid a scríobhann tú a léamh.**

---

---

### 2.2 An tairbhe don fhoghlaim agus don fhorbairt

Ba cheart go gcabhródh an méid a scríobhann tú anseo leis na daoine a mbeidh baint acu le d'iarratas a mheasúnú tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuirfidh do rannpháirtíocht i dtionscnamh na Scoileanna Ildánacha le foghlaim agus le forbairt do scoile/ionaid sna healaíona agus sa chruthaitheacht. Ba cheart a lua cén chaoi a bhfuil tú ag súil leis na healaíona agus an chruthaitheacht a fhorbairt i do scoil/ionad ó do thúsphointe reatha, conas a bhaineann sé sin le teagasc agus le foghlaim agus le tosaíochtaí forbartha do scoile/ionaid. D'fhéadfá faisnéis faoi na nithe seo a leanas a lua: dúshláin agus deiseanna i do scoil/ionad ar mhaith leat a chuimsiú; réimsí foghlama agus forbartha i do scoil/ionad a bhainfeadh an leas is mó as rannpháirtíocht ealaíne agus chruthaitheach; na torthaí a bhfuil súil agat a fheiceáil. **Tabhair faoi deara: ná áirigh tograí le haghaidh tionscadal nó gníomhaíochtaí ar leith. Déanfaidh iarratasóirí rathúla iad seo a fhorbairt mar chuid dá bPlean Scoileanna Ildánacha i gComhpháirt lena gComhlaigh Chruthaitheacha.**

---

### 2.3 Acmhainneacht don rannpháirtíocht

Ba cheart go léireofaí leis an méid a scríobhtar sa chuid seo tiomantas bhaintistíocht do scoile/an ionaid d'fhorbairt na n-ealaíon agus na cruthaitheachta agus cumas do scoile/ionaid páirt iomlán a ghlacadh sa tionscnamh. Ba cheart cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a spreagfaidh lucht bainistíochta do scoile/ionaid pobal do scoile/ionaid chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh, conas a bheartaíonn siad am agus acmhainní a thabhairt d'fhorbairt, do chur i bhfeidhm agus do mheasúnú do Phlean Scoileanna Ildánacha, agus conas a chinnteoidh siad go mbeidh dóthain ama ag do Chomhordaitheoir Scoile oibriú leis an gComhlach Cruthaitheach. **Tabhair faoi deara: níl íocaíocht ionadaíochta ar fáil dó seo.**

---

### 2.4 Tuairim na leanaí agus na ndaoine óga

Sa chuid seo ba chóir duit cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcinnteoidh tú go mbeidh tuairimí na leanaí agus na ndaoine óga i gcroílár do chuid oibre mar Scoil Ildánach, lena n-áirítear conas is féidir é seo a bhaint amach ar bhealaí atá difriúil ó do chleachtas reatha cinnteoireachta sa scoil/ionad nó a chuireann feabhas ar an gcleachtas sin. Ba cheart go n-áireofaí leis seo freisin do thiomantas do phróisis a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil baint ag leanaí agus daoine óga le forbairt, cur i bhfeidhm agus meastóireacht do Phlean Scoileanna Ildánacha ar bhealach bríoch.

---

### 3.1 Cé mhéad atá á lorg agat ón gComhairle Ealaíon?

Sa chuid seo cinntigh gur ionann an méid atá á iarraidh agus €4,000 glan.

---

## 2.3 D'iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

### 1. Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

### 2. Iarr méid an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonrúidh tú an maoiniú atá uait, is é sin €4,000.

### 3. Uaslódáil d'fhoirm iarratais

Lean na leideanna chun an fhoirm atá comhlánaithe agus sábháilte a uaslódáil. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí. **Níl aon ábhar tacaíochta ag teastáil.**

### 4. Cuir d'iarratas isteach

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil an t-iarratas uaslódáilte agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost ina dhiaidh sin. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhainfidh leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara:** tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le [onlineservices@artscouncil.ie](mailto:onlineservices@artscouncil.ie) mura bhfaigheann tú an dara ríomhphost deimhnithe ina mbeidh an uimhir iarratais.

## 3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

---

### 3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

### 3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

- 1 Déantar an t-iarratas a admháil.
- 2 Seiceáiltear cáilitheacht an iarratais – cuirtear gach iarratas incháilithe ar aghaidh chuig an gcéim mheasúnaithe.
- 3 Déanann foireann na Scoileanna Ildánacha, comhairleoir(i) agus/nó foireann na Comhairle Ealaíon na hiarratais incháilithe uile a mheasúnú agus a scóráil.
- 4 Déanann foireann na Scoileanna Ildánacha, comhairleoir(i) agus/nó foireann na Comhairle Ealaíon athbhreithniú ar gach uile iarratas chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go léirítear raon leathan scoileanna/ionad agus réigiún ann, agus déanann siad moladh maidir leis na scoileanna/ionaid a n-éiríonn leo nó nach n-éiríonn leo.
- 5 Déanann an feidhmeannach athbhreithniú ar na hiarratais go léir agus ar an ábhar gaolmhar agus déanann siad cinntí
- 6 Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.
- 7 Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí.

### 3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Aithnímid go dtosóidh gach scoil/ionad ar an aistear cruthaitheachta seo ó thúsphointí éagsúla. Déanfar scoileanna/ionaid a mheasúnú de réir na gcritéar seo thíos.

1. **An tairbhe don foghlaim agus don fhorbairt (cuid 2.2 de d'iarratas)**
  - An chaoi a bhfuil súil ag an scoil/ionad na healaíona agus an chruthaitheacht a fhorbairt óna bpointe tosaigh reatha.
  - Conas a thacóidh an rannpháirtíocht le teagasc agus le foghlaim sa scoil.
  - Conas is féidir aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí forbartha na scoile/an ionaid trína rannpháirtíocht sa tionscnamh.
2. **Acmhainneacht don rannpháirtíocht (cuid 2.3 de d'iarratas)**
  - Tiomantas bhainistíocht na scoile/an ionaid d'fhorbairt na n-ealaíon agus na cruthaitheachta sa scoil/ionad.
  - Conas a slógfaidh an bhainistíocht pobal na scoile/an ionaid chun a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tionscnamh.
  - Toilteanas bhainistíocht na scoile/an ionaid am agus acmhainní oiriúnacha a shainnithint agus a leithdháileadh ar an tionscnamh.

- Conas a thacófar le baill foirne ábhartha páirt a ghlacadh sa tionscnamh mar chuid dá ról reatha.

### 3. **Tuairim na leanaí agus na ndaoine óga (cuid 2.4 de d'iarratas)**

- Conas a chinnteoidh an scoil/ionad go mbeidh tuairim na leanaí agus na ndaoine óga i gcroílár a gcuid oibre mar Scoil Ildánach.
- Conas is féidir é seo a bhaint amach ar bhealaí atá difriúil ó chleachtas cinnteoireachta na scoile/an ionaid faoi láthair nó a fheabhsaíonn é.
- Tiomantas na scoile do phróisis a fhorbairt ionas go mbeidh leanaí agus daoine óga páirteach i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i meastóireacht an Phlean Scoileanna Ildánacha.

### 4. **Raon na scoileanna/na n-ionad**

- Conas a léiríonn Scoileanna Ildánacha 2021 na cineálacha éagsúla scoileanna/ionad atá sainaitheanta ag an Roinn Oideachais.
- Conas a léiríonn Scoileanna Ildánacha 2021 scoileanna/ionaid atá sainaitheanta ag an Roinn Oideachais ar bhonn réigiúnach.

### 3.4 **Próiseas scórála**

Tá córas scórála ag an gComhairle Ealaíon le haghaidh iarratas na Scoileanna Ildánacha. Tá sé i gceist ag an gcóras seo an chaoi a ndearnadh an t-iarratas a mheasúnú i gcoinne na gcritéar measúnaithe a shoiléiriú d'iarratasóirí. Tugann na scóir léiriú ar a mhéad a cheaptar gur chomhlíon na hiarratais gach critéar.

Breithneoidh measúnóirí na hiarratais ag baint úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil féin, bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh curtha ar fáil san iarratas, ar a n-eolas faoi chóras oideachais na hÉireann, faoi thírdhreach na n-ealaíon agus na foghlama cruthaithí i gcoitinne, agus ar an gcomhthéacs iomaíoch ina ndéantar na hiarratais ar fad a mheasúnú.

Déanfar gach iarratas incháilithe a scóráil i gcoinne na gcéad trí chritéar measúnaithe ag úsáid na scór seo a leanas:

<b>Scór uimhriúil</b>	<b>Luach focal</b>	<b>Míniú</b>
<b>0</b>	Ní chomhlíonann	Dar leis an measúnóir go meastar nár cuireadh aon fhianaise ar fáil san iarratas agus nach gcomhlíonann sé na critéir.
<b>1</b>	Tá féidearthacht ann go gcomhlíonann sé	Dar leis an measúnóir go bhfuil féidearthacht ag baint leis an iarratas ach nach gcomhlíonann sé na critéir.

2	Comhlíonann na critéir go sásúil	Dar leis an measúnóir gur comhlíonadh gnéithe áirithe de na critéir san iarratas agus breathnaítear air mar iarratas sásúil.
3	Comhlíonann na critéir go maith	Dar leis an measúnóir gur comhlíonadh na critéir san iarratas agus breathnaítear air mar iarratas maith.
4	Comhlíontar na critéir ar bhonn an-mhaith	Dar leis an measúnóir gur comhlíonadh na critéir leis an iarratas agus breathnaítear air mar iarratas an-mhaith.
5	Comhlíonann na critéir go sármhaith	Dar leis an measúnóir gur comhlíonadh na critéir san iarratas agus breathnaítear air mar iarratas sármhaith.

Déantar na hiarratais a mheasúnú agus a scóráil i gcoinne chritéir 1, 2 agus 3, ansin déantar iad a rangú go náisiúnta de réir scóir.

#### **Critéar 4: raon scoileanna/ionad**

De réir chuspóirí agus tosaíochtaí thionscnamh na Scoileanna Ildánacha, déantar athbhreithniú ar na hiarratais ar fud na tíre, agus chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go léirítear raon leathan scoileanna/ionad agus réigiún. Chun é seo a chinntiú, d'fhéadfaí go mbronnfar scór breise de 5 phointe i leith critéar 4 ar iarratais áirithe (tabhair faoi deara: ní féidir le hiarratas an scór breise seo a fháil ach uair amháin).

0	Baineadh cothromaíocht amach maidir le raon na scoileanna/na n-ionad
5	Thacaigh an t-iarratas le cothromaíocht ó thaobh raon na scoileanna/na n-ionad

Cuirtear na hiarratais i ngrúpaí de réir réigiúin ansin agus déanfar iad a rangú de réir a scór.

Is é 20 as 20 an scór is fearr is féidir le scoil/ionad a fháil, agus na ceithre chritéar uile á gcur san áireamh.

Déanfar na iarratais uile a mholadh mar iarratas rathúil nó mírathúil bunaithe ar a scór deiridh.

### **3.5 An cruinniú cinnteoireachta**

Déanann an feidhmeannach athbhreithniú ar na hiarratais go léir agus ar an ábhar gaolmhar agus déanann siad cinntí

#### **Dearbhú leasa**

D'fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór d'fhoireann na Scoileanna Ildánacha, do chomhairleoir(i) na Comhairle Ealaíon agus/nó don fhoireann atá ag athbhreithniú/ag measúnú na n-iarratas agus ag déanamh cinntí leas a dhearbhu má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith le hiarratas. Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid' nó ina 'leas neamhairgid' (e.g. gaol muintire, comhpháirtíochtaí pearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil, etc.)

Ní mór an leas a dhearbhu a luaithe agus is eol d'fhoireann na Scoileanna Ildánacha, don (do na) chomhairleoir (comhairleoirí) na Comhairle Ealaíon agus/nó do bhaill foirne faoi. I gcás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an duine sin páipéir a bhaineann leis an iarratas sin agus beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbheithniú.

### 3.6 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a n-iarratas.

Má éiríonn leis an iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrú an tacaíocht a chuirfear ar fáil lena n-áirítear an maoiniú mar aon le téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Tabharfar eolas ar conas na híocaíochtaí a fháil. Tar éis dóibh glacadh leis an tairiscint, déanfar scoileanna/ionaid a mheaitseáil le Comhlach Cruthaitheach. Tosóidh Comhlaigh Chruthaitheacha ag obair le scoileanna i mí na Samhna 2021.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éiríonn leis an iarratas, is féidir aiseolas a iarraidh ar fhoireann Scoileanna Ildánacha. Níl aon ghealltanais ann go mbronnfad dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

#### **Achomhairc**

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar <http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/> nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.